

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 25

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine
agus Comhionannas

An Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 25, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Tá barrachas €697,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ról an Choimisiúin

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chothú. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Comhionannais Náisiúnta na hÉireann. Is é an Sásra Faireacháin Neamhspleách é le haghaidh na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas; an Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc; agus sannfar dó ról an tSásra Náisiúnta Choiscthigh Comhordaithe faoin bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta, ar feitheamh daingniú an Phrótacail sin. Tá sainordú ag an gCoimisiún oibriú i gcomhpháirtíocht le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann ar cheisteanna a mbaineann diminsean oileán na hÉireann leo. Tá cumhachtaí dlí againn freisin faoin Acht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021 agus is comhlacht monatóireachta um chearta bunúsacha muid chun críche Alt 77 Ghníomh um an Intleacht Shaorga an AE.

Tá 15 chomhalta ar an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd. Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann Uachtarán na hÉireann Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais. Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na Comhaltaí a straitéis agus a bheartais go neamhspleách. Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra mar Oifigeach Cuntasaíochta, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Caithfidh an Coimisiún ráiteas straitéise a ullmhú gach trí bliana a chaithfear a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Cuireadh *Ráiteas Straitéise an Choimisiúin le haghaidh 2025–2027* faoi bhráid an Oireachtais i mí na Nollag 2024. Caithfidh an Coimisiún freisin, tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh gach bliana airgeadais, tuarascáil bhliantúil a ullmhú faoina ghníomhaíochtaí a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a fhoilsítear ina dhiaidh sin.

An ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gCiorclán 25 de 2025 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin, nuair a bhí an cuntas á ullmhú. Áirítear leis seo cur chun feidhme roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a cuireadh chun feidhme le haghaidh tréimhsí cuntais ag tosú ón 1 Eanáir 2025.

Dímheas na sócmhainní caipitil

Déantar dímheas maoiné, fearais agus trealamh agus amúchadh na sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas saolréanna ionchais agus na rátaí dímheasa/amúchta lena mbaineann le haghaidh príomhaicmí sócmhainní doláimhsithe.

<i>Aicme shócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Feabhsuithe léasachta	20 bliain	5%
Trealamh TF agus oifige	5 bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Doláimhsithe: bogearraí a fuarthas agus bogearraí a forbraíodh	10 mbliana	10%

An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Stiúrthóir an Choimisiúin.

Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmáilín agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.
- Tá córais ann atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal ann.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (atá á seachfhoinsíú faoi láthair) ag a bhfuil pearsanra atá oile go cuí. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, a cheadaímse agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. In 2025 bhí suim €3.2 milliún san iomlán i gceist leis an gcaiteachas ar earraí agus seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí ar conradh eile.

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas sonraí ar fáil maidir le 16 chonradh neamhchomhlíonta os cionn €25,000 sa tuairisc bhliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte ábhartha ar fad seachas dhá chonradh neamhchomhlíonta sa bhreis ar €25,000 (gan CBL) arbh ionann iad agus €66,638 san iomlán (gan CBL) faoi mar a leagtar amach thíos:

- Conradh amháin dar luach €37,641 a bhain le cíós ionaid agus saoráidí gaolmhara. Bronnadh an conradh seo gan próiseas iomaíoch de bharr an ghá le hionad inrochtana a fháil laistigh d'achar gearr ama.
- Conradh amháin dar luach €28,997 a bhain le seirbhísí dóiteáin agus sábháilteachta. Bhí an luach athnuachana bliantúil tosaigh faoi bhun €25,000; é sin ráite, de bharr oibreacha uasghrádaithe a soláthraíodh níos déanaí sa bhliain bhí an caiteachas carnach os cionn thairseach €25,000 agus dá bhrí sin measadh go raibh an conradh neamhchomhlíontach.

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag ardú feasachta maidir leis na cainéil agus próisis iomchuí soláthair chun críche atarlú a sheachaint. Áiríodh na conarthaí thuasluaite i dtuairisceán bliantúil 40/2002 a dtagraítear dó thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaitheáir agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhíonn ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an rioscaí sin agus, a mhéad ab indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus sonraítear, meastar agus grádaítear iad sin de réir a shuntasáí is bhíonn siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choimisiún, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhnímh gur sainaitheáir na príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Tugadh faoi iniúchadh inmheánach ar an mbeartas bainistíochta riosca in 2025 agus rinneadh roinnt moltaí atá á gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2025 a d'éileodh nochtadh sa chuntas leithreasa.

Deirdre Malone

An tOifigeach Cuntasaíochta

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

12 Bealtaine 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Bealtaine 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithníim aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Cuntas Leithreasa 2025			
		2025	2024
	Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	9,810	9,115	8,916
Ollchaiteachas	9,810	9,115	8,916
Asbhaint			
B Leithreasaí i gcabhair	101	103	180
Glanchaiteachas	9,709	9,012	8,736

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas le géilleadh	696,600	153,988

Deirdre Malone
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

9 Márta 2026

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2025

	2025	2024
	€000	€000
Pá	5,611	5,529
Neamhphá	3,154	3,039
Deontais	350	348
Ollchaiteachas	9,115	8,916
<i>Asbhaint</i>		
Leithreasaí i gcabhair	103	180
Glanchaiteachas	9,012	8,736
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(38)	
Dímheas	158	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(117)	
Amúchadh	20	
	23	111
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(68)	
Laghdú ar speansais fhabhráithe	(38)	
	(106)	170
Caiteachas díreach vótáilte	8,929	9,017
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	260	334
Glanchoistas cláir	9,189	9,351

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlancaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 25 a íocadh as cistí eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	132	195
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	17	11
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	111	128
		260	334

Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Maoin, fearas agus trealamh	2.1	1,012	1,132
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	218	121
		1,230	1,253
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead	2.3	—	201
Réamhíocaíochtaí	2.4	422	354
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	135	1
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	133	—
		690	556
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	319	357
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	267	201
		586	558
(Dlíteanais)/sócmhainní reatha glana		104	(2)
Glansócmhainní		1,334	1,251
Léirithe ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	1,334	1,251

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh ^a

	Feabhsuithe léasachta	Troscán agus feistis	Fearas oifige agus TF	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil ^b				
Amhail an 1 Eanáir 2025	1,746	394	381	2,521
Breiseanna	—	—	38	38
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,746	394	419	2,559
Dímheas carnach				
Amhail an 1 Eanáir 2025	770	314	305	1,389
Dímheas don bhliain	87	39	32	158
Amhail an 31 Nollaig 2025	857	353	337	1,547
Glansócmhainní				
Amhail an 31 Nollaig 2025	889	41	82	1,012
Amhail an 31 Nollaig 2024	976	80	76	1,132

Nóta ^a Ní rialaíonn ná ní bhainistíonn IHREC tailte ná foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit.

^b Áirítear le costas nó luacháil roinnt sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	120	38	158
Breiseanna	—	117	117
Sócmhainní a cuireadh chun feidhme	155	(155)	—
Amhail an 31 Nollaig 2025	275	—	275
Amúchadh Carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2025	37	—	37
Amúchadh don bhliain	20	—	20
Amhail an 31 Nollaig 2025	57	—	57
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2025	218	—	218
Amhail an 31 Nollaig 2024	83	38	121

2.3 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéideanna agus airgead an Phámháistir Ghinearálta ^a	—	201
	—	201

Nóta ^a Ganniontráladh na heisiúintí iarrtha ag deireadh na bliana de bharr difríocht uainiúcháin idir an tarraingt anuas agus sonraisc mhalla.

2.4 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Oiliúint agus forbairt	59	50
Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	99	60
Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF	123	97
Speansais áitreabh	141	75
Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais	—	3
Táillí dlí	—	69
	422	354

2.5 larmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Féichiúnaithe párolla	128	—
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	3	—
Bliain oibre níos giorra	1	—
Ticéad TaxSaver	1	—
	133	—

2.6 Speansais fhabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Tuarastail, pána agus liúntais	207	167
Fabhrú pá saoire	92	84
Taisteal agus cothabháil	1	—
Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	13	27
Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF	1	2
Speansais áitreabh	5	49
Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais	—	10
Táillí dlí	—	9
Deontais	—	9
	319	357

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla	94	47
Cáin bhreisluacha	20	15
Cáin ioncaim	76	68
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	64	57
Muirear sóisialta uilíoch	12	13
Cáin mhaoine áitiúil	1	—
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	—	1
	267	201

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	697	154
Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe	(831)	(153)
Glanmhaoiniú Státchiste	(134)	1
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead	—	202
larmhéideanna dochair	133	—
	133	202
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(267)	(201)
	(267)	(201)
	(134)	1

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		1,251	1,532
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	9,709	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(697)	
Glanvóta		9,012	8,736
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	260	334
Glanchostas cláir	1	(9,189)	(9,351)
larmhéid amhail an 31 Nollaig		1,334	1,251

2.10 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda	2025	2024
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	313	162
Gealltanais deontais neamhchaipitil	232	256
Ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí iomlána	545	418

2.11 Léas oibriúcháin ^a

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Speansais léasa oibriúcháin don bhliain	317	259
Tá íocaíochtaí comhiomlána léasa íosta na todhchaí atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar a leanas		
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	364	281
Idir bliain amháin agus 5 bliana	1,740	1,286
Níos déanaí ná 5 bliana	—	—

Nóta ^a Baineann an léas oibriúcháin le CGAS 17. Ní ann do chíosanna teagmhasacha iníoctha ná íocaíochtaí foléasa infhála.

2.12 Tionchar na n-athruithe ar bheartas cuntasáíochta

Ag tosú ar an 1 Eanáir 2024, tá caighdeán chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach.

	2025	2024
	€000	€000
Fabhrú saoire ^a	—	(84)
Fabhrú párolla ^a	—	(167)
	—	(251)

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Aicmítear gach leithdháileadh le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, mar chaiteachas riaracháin a chuirtear chun feidhme cláir amháin: Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

		2025	2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pána agus liúntais	6,086	5,611
ii	Taisteal agus cothabháil	50	55
iii	Oiliúint agus forbairt	135	131
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	959	735
v	Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF	480	411
vi	Speansais áitreabh	670	792
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	255	253
viii	Saineolas dlíthiúil ar conradh	825	777
		9,460	8,765
			8,568

Clár A Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

		2025	2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh
		€000	€000
A.1	Riarachán – pá	6,086	5,611
A.2	Riarachán – neamhphá	3,374	3,154
A.3	Scéim Deontas na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	350	350
		9,810	9,115
			8,916

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Fíoraithe	Fíoraithe
		€000	€000	€000
1	Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	100	91	100
2	Ilghnéitheach	1	12	80
		101	103	180

4.2 Ioncam an Vóta

Léiríonn leithreasaí i gcabhair méideanna airgid thirim a fuarthas le linn na bliana. Léiríonn Ioncam an Vóta an t-ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar an bprionsabal um fhabhrú.

	2025
	€000
Ioncam idirbhearta neamh-mhalartaithe	
Deontas an Phríomh-Chiste	9,012
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	91
	9,103
Ioncam eile	
Ilghnéitheach	12
Ioncam iomlán	9,115
Léirithe ag	
Iomlán na leithreasaí i gcabhair (nóta 4.1)	103
Deontas an Phríomh-Chiste	9,012
	9,115

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe (comhionann le fostaithe lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana	<u>85</u>	<u>83</u>

5.2 Pá

	2025	2024
	€000	€000
Pá	5,042	4,975
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	21	20
ÁSPC fostóra	<u>548</u>	<u>534</u>
	<u>5,611</u>	<u>5,529</u>

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is mó	
			2025 €	2024 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	2	1	15,460	14,790

5.4 Bandaí pá fhoireann an Choimisiúin

Tugtar anseo thíos líon na bhfostaithe Coimisiúin a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais pinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999, agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	54	66
60,000	69,999	13	5
70,000	79,999	2	10
80,000	89,999	8	5
90,000	99,999	2	3
100,000	109,999	3	1
110,000	119,999	1	1
120,000	129,999	2	1
130,000	139,999	1	1
140,000	149,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Buntuarastal	130	123
Liúntais	15	15
	145	138

Ní fhaigheann an tOifigeach Cuntasaíochta sochar comhchineáil de chineál ar bith.

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina ball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus ní théann a cuid teidlíochta i dtaca leis sin thar théarmaí scéime pinsean eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Níor athfhostaíodh státseirbhíseach ar bith, a bhí ar scor agus ag a raibh pinsean earnála poiblí acu, ar bhonn táille.

5.7 Téarbhadh

Le linn 2025, ní raibh ball foirne ar bith ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	2	22,499	28,918
Ró-íocaíochtaí le pleananna aisghabhála i bhfeidhm	1	14,631	21,141

Nóta

^a Tá AD Áitiúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag plé leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar bhonn míosúil chun na pleananna aisghabhála a chur i bhfeidhm.
Tá beirt a bhfuil ró-íocaíocht i gceist leo amhail an 31 Nollaig 2025 agus tá plean aisghabhála i bhfeidhm i gcás duine acu.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Coimisiún le linn na bliana				
	Éilimh ó		Iomlán 2025	Iomlán 2024
	Fostaithe	An pobal		
Líon na gcásanna	—	—	—	1
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí an Choimisiúin féin	—	—	—	66
Íocaíochtaí don/thar ceann an Choimisiúin				
Cúiteamh	—	—	—	10
Costais Dlí	—	—	—	20
Costais Eile	—	—	—	—
Iomlán	—	—	—	96